NUACHTRÁITEAS Dáta: 25 Samhain 2012 Lánchosc: Le foilsiú láithreach	2013 Bliain na Gaeilge Bígí Linn - Let's Celebrate Our Language www.gaeilge2013.ie

BLIAIN NA GAEILGE 2013 SEOLTA GO NÁISIÚNTA LE SPRAOI SA PHOBAL

Scaoilfear **120 balún** in áiteanna poiblí ar fud na hÉireann ag **3.00in inniu, Dé Domhnaigh, 25 Samhain 2012** **ag SPRAOI SA PHOBAL agus Bliain na Gaeilge 2013** á seoladh agus 120 bliain d'athbheochan na Gaeilge a cheiliúradh.

Cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge in 1893 le bunú Chonradh na Gaeilge, agus tá mar aidhm ag Bliain na Gaeilge na mílte deis úsáide Gaeilge a chur ar fáil don 2 mhilliún den daonra ar an oileán a deir go bhfuil an teanga acu sa lá atá inniu ann. Beidh seoltaí Bhliain na Gaeilge ar bun in Inis, Co. an Chláir; i nDoire; i mBéal Feirste; i nGaillimh; i gCaisleán an Bharraigh agus i nGaeltacht Mhaigh Eo.*

Ag an seoladh dúirt **Naoise Ó Muirí, Ardmhéara Bhaile Átha Cliath**: "Táim ansásta Bliain na Gaeilge 2013 a sheoladh go hoifigiúil i gcroílár Bhaile Átha Cliath, ó is féile ollmhór ar son na teanga í seo ina mbeidh imeachtaí spraíúla éagsúla á n-eagrú ar bhonn áitiúil agus náisiúnta ar fud oileán na hÉireann."

Dúirt **Julian de Spáinn, Eagraí Sheoladh Náisiúnta Bhliain na Gaeilge 2013**: "Tá sí mar aidhm ag Bliain na Gaeilge an pobal a ghríosú agus a chumasú chun an Ghaeilge a úsáid. Táimid ag iarraidh ar gach duine úsáid a bhaint as an nGaeilge lena gcuid cairde, gaolta, comhghleacaithe agus eile i 2013, páirt a ghlacadh sna comórtais a bheidh á reáchtáil do Bhliain na Gaeilge, agus páirt a ghlacadh sna himeachtaí éagsúla a luaitear ar www.gaeilge2013.ie."

Tá breis agus 50 eagraíocht teanga agus chultúir eile ó cheann ceann na tíre ag glacadh páirte sa togra teanga tábhachtach seo - leithéidí de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, TG4, agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ). Tá áis ar www.gaeilge2013.ie le himeachtaí áitiúla Gaeilge a chlárú agus le teacht ar eolas faoi imeachtaí náisiúnta Bhliain na Gaeilge.

Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais maidir leis an togra ar www.gaeilge2013.ie; ar www.facebook.com/gaeilge2013; nó ar Twitter @gaeilge2013. Tá Foras na Gaeilge ag tacú le Bliain na Gaeilge. Bígí Linn - Let's Celebrate Our Language!

TUILLEADH EOLAIS:

Julian de Spáinn Eagraí Náisiúnta Bhliain na Gaeilge, Conradh na Gaeilge +353 (0)86 8142757 / +353 (0)1 4757401	Síne Nic an Ailí Feidhmeannach Forbartha, Conradh na Gaeilge +353 (0)87 6546673 / sine@cnag.ie

Is féile bhliana ar son na teanga í **Bliain na Gaeilge**, áit go mbeidh imeachtaí spraíúla éagsúla á n-eagrú ar bhonn áitiúil agus náisiúnta ar fud oileán na hÉireann chun an pobal a spreagadh lena gcuid Gaeilge a úsáid go rialta. Bígí Linn - Let's Celebrate Our Language! www.gaeilge2013.ie

Cad is féidir leatsa a dhéanamh le linn Bhliain na Gaeilge 2013?

- Bain úsáid as an nGaeilge le do chairde, do ghaolta, do chomhghleacaithe agus eile i 2013
- Féach ar na himeachtaí ar fad ar ár suíomh gréasáin ar www.gaeilge2013.ie & déan freastal ar chuid acu
- Glac páirt sna comórtais – tá duaiseanna iontacha le baint amach!
- Déan cinneadh feabhas a chur ar do chuid Gaeilge nó í a fhoghlaim in 2013 - d'fheadfaí páirt a ghlacadh san fheachtas **Líofa 2015** fiú
- Téigh ar saoire go dtí an Ghaeltacht
- Meall cairde thar lear le teacht go hÉirinn in 2013 le freastal ar imeachtaí de chuid Bhliain na Gaeilge agus páirt a ghlacadh i d**Tóstal Éireann 2013**
- Ceannaigh earraí déanta in Éirinn le cabhrú leis an timpeallacht ina bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn againn

*** EOLAS FAOI NA SEOLTAÍ EILE TIMPEALL NA TÍRE:**

CONTAE	IONAD	PEARSA(N)	TEAGMHÁLAÍ ÁITIÚIL
Co. an Chláir	Ionad Siopadóireachta Dunnes Stores, Inis	Pádraig Ó Dálaigh, Méara Chontae an Chláir	Domhnall Ó Loingsigh, An Clár As Gaeilge +353 (0)87 2760590 / clarasgaeilge@eircom.net
Co. Aontroma	Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste	Dónall Mac Giolla Chóill, Aisteoir	Frainc Mac Cionnaith, Cultúrlann McAdam - Ó Fiaich +44 (0)28 90964180 / proinsias@culturlann.ie
Co. Átha Cliath	Sráid an Rí Theas, Baile Átha Cliath 2	Naoise Ó Muirí, Ardmhéara Bhaile Átha Cliath	Jen Ní Mhathúna, Comhluadar +353 (0)85 7088638 / +353 (0)1 4789191
Co. Dhoire	Droichead na Síochána, Doire	Kevin Campbell, Méara Dhoire	Ciarraí Ní Earcáin, Cultúrlann Uí Chanáin +44 (0)78 51228291 / ciarrai@culturlann-doire.ie
Co. Mhaigh Eo	Timpeallán, Béal an Mhuirthead	Rós Bhéal an Mhuirthead	Jacqui Uí Mhonacháin, Comharchumann Deirbhile +353 (0)97 85727 / +353 (0)87 9942716
Co. Mhaigh Eo	Scoil Naomh Aingeal, Caisleán an Bharraigh	Scoláirí Scoil Naomh Aingeal	Brídín Ní Cheallaigh, Conradh na Gaeilge, Maigh Eo +353 (0)94 9022444 / +353 (0)87 9781166
Co. na Gaillimhe	Ionad Siopadóireachta na Faiche Móire, Gaillimh	Frank Fahy, Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe & Eithne Nic Enrí, Aisteoir	Peadar Mac Fhlannchadha, Conradh na Gaeilge, Gaillimh +353 (0)91 567824 / +353 (0)87 9942716